# Fada dhamh druim re hÉirinn

[Thomas F. O'Rahilly: *Measgra Dánta* II, poem 45; see also *Éigse* 13, 195-202]

1 Fada dhamh druim re hÉirinn,
rom-sgar do thuinn re a tárainn;
mo shúil tar mh'ais i nÉirinn
fá a léibhinn ghlais úir álainn.

2 Inis iomlán ghlan ghrianach,
dá hiomrádh dhamh is déarach,
tír na dtulach gcorr gcraobhach,
fonn braonach ughach éanach.

3 Fonn is caoimhe um chlár ndíleann,
naoidhe dá lár a léibheann,
tír iobhar mín is mhónann,
tír chnódhonn iodhan Éireann.

4 Tír ghlan fhoithreamhail ughach
na magh sgoithleabhair sgorach,
tír na ród gcraobhach gcreamhach,
fód ealach laoghach lonach.

5 Fód caomh na gceall bhfeartach,
na bpeall gclaon is na gcolcthach,
oileán mín séadach searcach,
tír ealtach thréadach thorcach.

6 Tír na laogh is na loilgheach
is mín taobh 's mín murbhach,
tír na ngort n-airgheach n-oibhneach,
port droighneach airneach ubhlach.